




An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

Foundation Findings

Cinnteacht Solúbthachta – Saincheisteanna agus dúshláin



Cúlra beartais

Cur chuige ó thaobh beartais is ea an chinnteacht solúbthachta [flexicurity] lena ndéantar iarracht ar solúbthachta mhargaí saothair d'fhostóirí agus socracht fostáiochta do fhostaithe a chur le chéile. Mar sin, cuirimís an tsamhail Dhanmhargach na cinnteachte solúbthachta a luaitear go minic i gcás, comhcheanglaíonn sí reachtaíocht lag um chosaint fhostaíochta le cosaint ioncaim do dhaoine difhostaithe agus ardleibhéil chaiteachais bheartais ghníomhacha um an margadh saothair.

Sraith smaointe atá i gceist le coincheap na cinnteachte solúbthachta, ar chórais shóisialta dhifriúla agus ar a gcumas le freagairt do na dúshláin reatha atá os comhair ár sochaí agus ár ngeilleagair, ag leibhéal Eorpach agus ag leibhéal na mBallstát. Tá comhthéacs an domhandaithe ar cheann de na príomhfactóirí ar mhaith leis an bhfeachtas seo chun na margai saothair a dhéanamh níos solúbtha ach ag an am céanna gan socracht na n-oibrithe a chur i gcontúirt. I measc na bhfachtóirí eile, tá an dúshlán déimeagrafach ó thaobh sochaí atá ag dul in aois go gasta agus méadú atá ag teacht ar bhainneannú an fhórsa saothair.

Teannann na fachtóirí seo ar chórais shóisialta agus eacnamaíocha iad féin a chur in oiriúint. Mar gheall ar an athrú déimeagrafach, beidh ar an Eoraip aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar líon na nithe ó thaobh cúrsai eacnamaíochta atá ag cur brú uirthi, beidh líon na ndaoine atá in aois fhostaíochta seasmhach nó ag dul i laghad. Ciallaíonn seo gur gá rátaí fostáiochta a threisiú agus atmaisféar a spreagadh freisin inar féidir le daoine an obair a chomhcheangal le cúrsai clainne.

Maidir le héifeacht an domhandaithe ar an diospóireacht ó thaobh na cinnteachte solúbthachta, is léir gur tréith den trádáil dhomhanda go mbíonn margai ag athrú go gasta agus go bhfuil líon na mbrúnna ó thaobh cúrsai iomaíochta méadaithe, agus mar sin ní foláir níos mo aird a bheith ag gnólachtaí ar athruithe ráchairte sa timthriall gnó. Bíonn iarmháirtí i gceist leis an mbrú seo do chuideachtaí, ach do shochaithé go ginearálta chomh maith, mar cuireann sé isteach ar an gcumas le saibhreas a ghiniúint, rud a chuireann taca faoinár gcuid traidisiún agus faoinár socruthe sóisialta.

Ceist bhunúsach a gcaithfear dul ina ceann is ea cé acu ar chóir an phríomhfhreagracht a bheith orthu as solúbthach agus socracht araon a chinntí: fostóirí? An stát? An bheirt acu in éineacht leis na páirtithe sóisialta? Ba chóir an fhreagracht as cinnteacht solúbthachta a roinnt idir na páirtithe go léir atá i gceist agus idir na leibhéis go léir má tá rath le bheith ar an geur chuige.

Cé go bhfuil éagsúlacht ann sa tsamhail shóisialta Eorpach maidir le córais shóisialta náisiúnta, mar sin féin, tá roinnt luachanna inaitheanta a shainmhíníonn an tsamhail: gur féidir le cách teacht orthu, dlúthpháirtíocht agus comhionannas/ceartas sóisialta. Chuir na gnéithe coiteanna seo leis an bpróiseas lenar forbraiodh stát nua-aimseartha a raibh an leas sóisialach ar cheann dá bhuntréithe, agus arbh é an cuspóir a bhí aige ar dtús.

Ag spreagadh na cinnteachte solúbthachta

Go dtí seo is iad na fostóirí is mó a spreagann ceist solúbthachta agus socrachta, cé go bhfuil suim na bhfostaithe i gcineálacha áirithe solúbthachta ag dul i méad – mar shampla, maidir le socruthe uaireanta oibre.

Ba mhaith le comhlachtaí níos mó solúbthachtaí ionas go mbeidh siad in ann freagairt níos gasta do iomaíocht an domhain domhandaithe. Tá an tsolúbthachta, go háirithe maidir leis an fórsa saothair, ina cuid riachtanach den phróiseas leis an gcumas seo a bhreisiú, cé gur léir chomh maith nach féidir don Eoraip iomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil sa chuid den mhargadh mhargadh saothair an domhain a mbíonn pá íseal agus leibhéal íseal scileanna i dtreis ann. Ba chóir feabhsú chumas na hEorpa ag barr an tslabhra luacha a bheith mar chuspóir deireanach ag margadh saothair níos solúbtha.

Is iad rialtais agus fostóirí go bunúsach a chinneann an méid agus an fhoirm de sholúbthacht agus da shocracht a chuirtear i bhfeidhm san margáí saothair, trí bheartais náisiúnta agus beartas inmheánacha na gcomhlachtaí. Tá dóigheanna éagsúla le héirí níos solúbtha ag leibhéal na chomhlachta: solúbthacht chainníochtúil/cháilíochtúil agus solúbthacht inmheánach/sheachtrach. Le firinne, tá meascán foirmeacha difriúla á n-úsáid ag comhlachtaí. Bhí éabhlóid sa reachtaíocht oibre i ngach Ballstát chun déileáil leis an tsaincheist seo. Is i gcomhthéacs díospóireachta ar na priacail agus ar na hathruithe gaolmhara sa tsochaí a tháinig an téarma cinnteacht solúbthachta chun cinn.

I roinnt tíortha, sa Danmhairg cuir i gcás, thacaigh na páirtithe sóisialta le cinnteacht solúbthachta, agus iad ag ceapadh go bhfuil dea-éifeacht aici ar an bhfostaíocht go hiomlán. Feictear, i sampla na Danmhairge go gcomhchleanglaíonn an chinnteacht solúbthachta riachtanais na solúbthachta agus na cinnteachta le chéile i slí atá inghlactha ag na páirtithe uilig a bhfuil baint acu le cómhargáil agus le beartas margaidh shaothair mar a bhaineann sé leo ina forbairt.

Tá líon na mban san fhórsa shaothair ag dul i méad agus ba chóir go spreagfadh seo athmhachnamh ar úsáid ama, idir am oibre agus am taobh amuigh den obair. Tharlódh sé b'fhéidir, go bhféadfadh méadú a bheith ag teastáil dá bharr ar an indibhidiúlú de chearta na n-oibrithe: níor chóir feasta go gcaithfeadh mná bheith ag brath ar chearta slándála sóisialai an fhir. Ag leibhéal níos ginearálta, caithfear measúnú cé hiad na cearta indibhidiúla agus cé hiad cearta an teachglaigh.

Cuireadh dearcadh saolré i bhfriotal mar fhreagairt amháin ó thaobh beartais, is é an bunús atá aige ná go mbíonn riachtanais eacnamaíocha agus ama éagsúla ag daoine le linn tráthanna difriúla dá saoil agus gur féidir córais a oiriúnú de réir éagsúlacht na riachtanas seo (Naegele, 2003).

Díospóireacht faoi bheartais ag leibhéal Eorpach

Tá coincheap na cinnteachta solúbthachta ar an gclár oibre ó thaobh beartas le breis is deich mbliana anuas agus tháinig sé i dtreise go háirithe le blianta beaga anuas. In 1996, bhí tagairtí ábhartha á ndéanamh cheana féin san Green Paper on partnership for a new organisation of work [Páipéar Uaine um pháirtíocht leis an obair a eagrú ar bhealach nua]: ‘is í an chloch is mó ar a bpaidrín ag oibrithe, an bhainistíocht, na páirtithe sóisialta agus lucht ceaptha na mbeartas araon ná ... an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an tsolúbthacht agus an chinnteacht. Tá a lán gnéithe ag baint leis an gcothromaíocht seo. Is minic a bhíonn an t-atheagrú ar obair ina chúis neamhchinnteachta.’¹

As na gníomhaithé thuasluaithe go léir, is léir go bhfuil ról fiorthábhachtach ag na páirtithe sóisialta ach go háirithe maidir le foirmeacha nua, an chaoi ina eagraitear obair, a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach , m.sh. trí phróisis chómhargála. Is fior chomh maith nach foláir athmhachnamh comhordaithe a dhéanamh faoina lán de na dúshláin atá roimh ár sochaithe, i réimsí an mhargaídha shaothair agus na cosanta sóisialta araon.

Is é an ‘Open Method of Coordination’ (OMC) [‘Modh Comhordaithe Oscailte’] foirm institiúideach an chomhoibrithe seo ag leibhéal Eorpach agus is iad an dá phríomhfhorám atá aige ná an Coiste Fostaíochta agus an Coiste Cosanta Sóisialta, a chuir an Choimisiún ar bun agus a nglacann na Ballstáit go léir páirt ann. Is éard a bhíonn i gceist le gníomhaíochtaí an MOC ná treoirlínte a chomhaontú, cuspóirí a leagan síos, an tagarmharcáil, an tuairisceoireacht bhliantúil, mar aon leis an gcomhfhoghlaím. Ó 2005, cónascadh gníomhaíochtaí an MOC go raibh siad ina gcuid de phróiseas cuíchóirithe, rud a chuireann leis an díospóireacht faoi na treoirlínte leathana maidir le beartais eacnamaíochta ag Comhairle bhliantúil an Earraigh. Ceann de na saincheisteanna a phléitear go cuimsitheach sa dá Choiste ná conas ‘an tsolúbthacht a chur chun cinn in éineacht le cinnteacht na festaíochta agus scoilteadh an mhargaídha shaothair a laghdú’.

¹ http://ec.europa.eu/employment_social/labour_law/publications_en.htm

In 2006, d'eisigh an Coimisiún Páipéar Uaine um dhlí an tsaothair inar iarr sé smaointe faoin mbealach go bhféadfaí dlí an tsaothair a chur in oiriúint don lá atá inniu ann.² Tugadh aghaidh go sonrach sa pháipéar ar shaincheisteanna a bhaineann le cineálacha conarthaí difriúla agus le dúshlán na cinnteachta solúbthachta. Scríobh grúpa saineolaithe, agus Ton Wilthagen ina chathaoirleach air, tuarascáil faoi chonarthaí na cinnteachta solúbthachta dar teideal *Turning hurdles into stepping stones*.³

Teachtaireacht an Choimisiúin ab ea an chéad chéim eile: *Towards common principles of flexicurity*, lenar tugadh achoimre ar chonarthaí i dtreo tuilleadh post agus i dtreo poist níos fearr, lena gcomhcheanglófaí an tsolúbthacht agus an chinnteacht le chéile agus lenar tugadh roinnt comphrionsabal le fios atá le glacadh ag na ceannairí stáit agus rialtais.⁴

Príomhtháitil

- Tá de chumas ag an gcinnteacht solúbthachta iomaíochas eacnamaíocht na hEorpa a bhreisiú go substaintiúil agus leibhéal fhostaíochta níos airde a chruthú.
- Caithfidh go mbeidh comhlachtaí, oibrithe agus an tsochaí in ann teacht ar aon tuairim le chéile faoin gcinnteacht solúbthachta agus muinín a bheith acu aisti.
- Ba chóir go mbeadh an chinnteacht bunaithe ar chinnteacht ó thaobh fostaiochta, ní ar chinnteacht ó thaobh poist, agus go mbeadh meascán de chearta agus uirlisí i gceist leis.

Maidir le cearta:

- Ba chóir go mbreathnófaí ar chearta i gcomhthéacs níos fairsinge i rith chúrsa an tsaoil agus d'fhéadfadh roinnt athchóirithe a bheith riachtanach, ar chórais náisiúnta an mhargaidh shaothair, ar chórais náisiúnta fostaiochta agus cosanta sóisialta.
- D'fhéadfaí cearta a athbhreithniú ionas lena dheimhniú go mbeadh roinnt comhordúchán le linn saolré na n-oibrithe solúbtha agus d'fhéadfaí iad a bhunú ar phrionsabail áirithe, ar nós chothramaíocht do chách, reachtaíocht do mhargaí saothair(náisiúnta) idirthréimhseacha, go gcomhbhaileofar tréimhsí árachais agus go mbeidh cearta inaistrithe.
- Caithfear athmhachnamh a dhéanamh ar na cearta go léir a bhaineann leis an gcosaint shóisialta, ní hamháin na córais leasa sóisialta a sholáthraíonn an stát ach scéimeanna ceirde um pinsean forlíontach agus um chúram sláinte chomh maith.

Maidir le huirlisí:

- Ní foláir aird ar leith a thabhairt ar na hoibrithe is leochailí ar eagla a dtitime i mbochtaineacht in ainneoin iad a bheith ag obair.
- Is eilimint fhíorthábhachtach den chinnteacht solúbthachta go gcabhrófar le hoibrithe ionas go mbeidh siad in ann déileáil le hathruithe: ba chóir díospóireacht níos comhsheasmhaí faoin mbealach inar féidir próiseas méadaithe scileanna a chur i bhfeidhm i rith na gairme.
- Meascán gníomhaithe agus cur chuigeanna difriúla a bhíonn i gceist le scileanna a mhéadú: foghlaimíonn oibrithe rudaí nua san obair trí mheán foirmeacha nuálacha den eagrúchán oibre ('eagraíochtaí foghlama' mar a deirtear, ilscilíocht, sealáiocht oibre), trí mheán oiliúna a sholáthraíonn a bhfostóir, tionscnamh maidir le cistí earnála, cistí forbartha réigiúnaí, beartais ghníomhacha don margadh saothair.

² http://ec.europa.eu/employment_social/labour_law/green_paper_en.htm

³ http://ec.europa.eu/employment_social/employment_strategy/pdf/flexi_pathways_en.pdf

⁴ http://ec.europa.eu/employment_social/employment_strategy/pdf/flex_comm_en.pdf

Ag scrúdú na saincheisteanna

Foirmí náisiúnta éagsúla

Níl aon chur chuige uilíoch i leith na cinnteachta solúbthachta. Ina ionad sin, táthar ag cuimhneamh ar fhoirmlí náisiúnta difriúla faoi láthair. Ceann amháin de na chéad chur chuigeanna is ea an fórsa saothair iomlán a dhéanamh níos solúbtha. Cuirtear an 80% d'oirbithe, a bhfuil obair thraidisiúnta, bhuan nó ar ‘conarthaí tipiciúla’ acu san áireamh leis seo. Tá dhá phríomhdhóigh chun an méadú solúbthachta seo a chur i bhfeidhm: trí bhealaí nua leis an obair a eagrú, nó trí shocruithe níos éagsúla nó níos solúbtha ó thaobh an ama oibre. Ag an am céanna, ba chóir iad seo a chomhlánú le cineál éigin den chinnteacht fhostaíochta.

Is sampla iomráiteach de chur chuige den sórt sin é córas na Danmhairge. Comhcheanglaíonn sé reachtaíocht measartha lag um chosaint festaíochta le hardleibhéal sochair dhífhostaíochta a íocann an rialtas chomh maith le beartais an-ghníomhach i leith an mhargaidh shaothair. ‘Cosain oibrithe, ní poist’ teachtaireacht shimplithe na fealsúnachta atá ar cúl na samhla seo. Díríonn athchóirithe san Ostair ar an eilimint sin chomh maith, agus ciste pá scarúna cruthaithe, atá inaistrithe agus nach bhfuil ceangailte le fostóir amháin.

Cearта na n-oibrithe ‘neamhthipiciúla’ (m.sh. conarthaí lena mbaineann téarma seasta, conarthaí sealadacha, conarthaí páirtaimseartha) a normalú is ea an dara cur chuige agus coinnítear solúbthacht na gcineálacha seo conarthaí ag an am céanna.

Déanann córas na hÍsiltíre iarracht leis an smaoineamh seo a ionchorprú trí níos mó cearta cosanta sóisialta a sholáthar d'oirbithe neamhchaighdeánacha (go háirithe oibrithe páirtaimseartha, ach iad siúd a bhfuil conarthaí neamhbhuana acu freisin) agus trína dteidlíochtaí (leas sóisialta, pinsean, srl) a fheabhsú ionas go scroichfear leibhéal a bheidh inchurtha lena macasamhla buana sa mhargadh saothair. Tá patrúin an-chosúil leo sin i dtíortha eile agus tá siad ag cuimhneamh ar na bealaí leis na cearta dá gcuid ‘oirbithe neamhthipiciúla’ a mhéadú.⁵

Caithfear é a chur san áireamh go bhfuil pointí tosaithe an-éagsúil ann do na modhanna oibre náisiúnta éagsúla. Go háirithe, tá éagsúlacht thábhachtach ann idir cion na n-oibrithe ‘neamhthipiciúla’ nó neamhchaighdeánacha sna Ballstáit. Tá cion an-ard de ‘oirbithe neamhthipiciúla’ i roinnt tíortha. Tá rátaí arda oibre páirtaimseartha sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír araon, go háirithe i measc na mban atá ag obair. Tá a lán conarthaí lena mbaineann téarma seasta sa Spáinn, lena gcuimsítear breis is 30% den daonra. Tabhair faoi deara, áfach, gur athchóiriódh an margadh saothair sa Spáinn go mór le déanaí mar iarracht le roinnt de na míbhuntáistí, a bhain le leachtraí roimhe sin nuair a rinneadh an margadh saothair níos solúbtha (m.sh. scoilteadh an margadh saothair an iomarca, leibhéal na tairgílachta per capita ag dul i laghad), a chur ina cheart. Forálacha nua bhí i gceist leis seo chun cearta na n-oibrithe neamhthipiciúla a chosaint agus a chur chun cinn agus chun dreasachtaí a chruthú d'fhostóirí le conarthaí neamhthipiciúla a thiontú ina gconarthaí tipiciúla.⁶

Tá an rogha de fhoirm ar leith den chinnteacht solúbthachta ceangailte le forbairt stairiúil na margáí saothair go príomha, chomh maith le comhaontuithe comhchoiteanna agus le ról an rialtais iontu seo, agus le cúrsaí bunúsacha is gá a chur san áireamh ó thaobh beartas poiblí i réimsí na festaíochta agus na cosanta sóisialta. Braitheann forbairt na mbeartas go mór ar thraidisiúin náisiúnta mar aon le cumas tíortha leis na hacmhainní a ghiniúint chun ioc as na réitigh a roghnaíonn siad.

⁵ Tá díospóireacht ann faoi na téarmaí ‘neamhthipiciúil’ nó ‘neamhchaighdeánach’, go háirithe mar gheall ar an mhéid mór díobh atá ann i roinnt tíortha. Sa tuarascaíl seo, tagraíonn ‘neamhthipiciúil’ do na hoibrithe go léir nach bhfuil obair lánaimseartha sheasmhach acu. Bheadh oibrithe páirtaimseartha, oibrithe téarma sheasta, oibrithe séasúracha, oibrithe sealadacha gníomhaireachta, srl san áireamh chomh maith.

⁶ <http://eurofound.europa.eu/eiro/2006/05/articles/es0605019i.html>

Tábla 1: Fo-ranna na solúbthachta

		Solúbthacht chainníochtúil	Solúbthacht cháilíochtúil
Solúbthacht sheachtrach		<p>Stádas fostaiochta (cineálacha conartha – téarma seasta, sealadach, obair ar glao-dhualgas, srl)</p> <p><i>Solúbthacht uimhriúil/conartha</i></p>	<p>Córais táirgthe (fochonradh, obair neamhspleách)</p> <p><i>Solúbthacht táirgthe/áite</i></p>
Solúbthacht inmheánach		<p>Uaireanta oibre (ragobair, páirtaimseartha, obair dheiridh sheachtaíne, uaireanta neamhrialta/inathraithe)</p> <p><i>Solúbthacht ama/airgeadais</i></p>	<p>Eagrú oibre (sealaiocht oibre, iltascaíocht, oibrithre freagracha as pleánaíl agus as an bhuiséad, srl)</p> <p><i>Solúbthacht feidhmíochta/eagraithe</i></p>

Foinse: *Goudswaard agus de Nanteuil, 2000, Ich. 20.*

Tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne nach furasta an rud córas atá i bhfeidhm i dtí amháin a aistriú go dtí aon Bhallstát eile, cionn is go mbíonn beartais neadaithe i gcomhthéacs sainiúil náisiúnta. Maidir le hathchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh, ní mór a chur san áireamh na leibhéal éagsúla ar ar féidir na hathchóirithe a chur i bhfeidhm (oibrí, teaghach, fiontar, earnáil, tir) agus conas a idirghníomhaíonn siad lena chéile.

Mar sin féin, is úsáideach ‘athmhachnamh oscailte’ a dhéanamh ar bheartas comhtháithi. D’fhéadfadh cur chuige nua teacht dá bharr seo, lena gcuimseofaí sraith ionmlán na mbeartas sóisialta, mar aon le beartais maidir leis an margadh saothair agus córais chosanta sóisialta ar bhonn níos leithne.

Straitéisí solúbthachta ag comhlachtaí

Sa lá atá inniu ann, baineann a lán comhlachtaí meánmhéide úsáid as meascán de straitéisí éagsúla solúbthachta. D’fhéadfadh foroinnt na solúbthachta ar cheithre bhealach i dTábla 1 a bheith ina mapáil úsáideach de chleachtas comhlachta.

Tábla 2: Céatadán de chonarthaí ar téarma seasta in ionmlán na fostaiochta

	AE			BE	CZ	DK	DE	EE	EL	ES	FR	IE	IT	CY	LV
	ionmlán	fir	mná												
1995	11.7	11.1	12.4	5.4	6.7	11.6	10.5	2.1	9.4	35.2	12.4	10.0	7.4	n/b	n/b
2000	12.6	12.0	13.4	9.1	8.1	9.7	12.7	3.0	13.5	32.2	15.2	5.9	10.1	10.7	6.7
2005	14.5	14.0	15.0	8.9	8.6	9.8	14.2	2.7	11.8	33.3	13.3	3.7	12.3	14.0	8.4

	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	SI	SK	FI	SV	UK	BG	RO
1995	n/b	4.1	6.6	n/b	11.4	6.8	4.8	11.6	n/b	n/b	18.1	14.7	7.2	n/b	n/b
2000	4.4	5.3	7.1	4.1	13.7	8.0	5.8	19.9	13.7	4.8	16.3	15.8	6.9	6.3	2.8
2005	5.5	5.3	7.0	4.5	15.5	9.1	25.7	19.5	17.4	5.0	16.5	16.0	5.7	6.4	2.4

Nóta: Seasann na comhiomláin AE don AE25. Tá roinnt uimhreacha a luate i líne na bliana 1995 a dhéanann tagairt don bhliain 1996/97, mar níl sonrai ó thréimhse níos lúaithe ar fáil.

Foinse: *LFS luate in Employment in Europe 2006 [Fostaíocht san Eoraip]*.

Is minic a théann cineálacha éagsúla solúbthachta thar a chéile, agus cuireann seo isteach ar an chineál cinnteachta a d'fhéadfaí a sholáthar (Atkinson, 1984). Mar shampla: maidir le hoibrí páirtaimseartha, d’fhéadfadh cuntas bliantúil ama oibre a bheith aige chomh maith nó d’fhéadfaí iarraidh air oibriú in aonaid na comhlachta céanna in áiteanna difriúla agus d’fhéadfadh athruithe ó thaobh ioncaim a bheith aige (pá inathraithe). Tharlódh sé go mb’fhéidir nach mbainfeadh

an meascán solúbthachta seo ach le foghrúpa oibrithe amháin, go minic na hoibrithe is indearfa (oibrithe óga, mná nó inimircigh), agus fórsa saothair na comhlachta dá thairbhe sin scoiltear. Ar an láimh eile, is féidir solúbthacht a thabhairt isteach ar bhealach níos ginearálta do na hoibrithe go léir, trí mheán solúbthachta inmhéánaí trí fhoirmeacha nua den eagrúchán oibre, cuir i gcás.

Cé gurb iad na fostóirí a spreagann an tsolúbthacht den chuid is mó, caithfear béim a chur air gur féidir leis an tsolúbthacht teacht de thoradh éileamh na bhfostaithe chomh maith. D’fhéadfadh seo a bheith amhlaidh mar gheall ar chuíseanna éagsúla, mar shampla má táthar ag iarraidh saol an teaghlaigh a chomhcheangal ar bhealach níos fearr leis an obair, nó chun sosanna a ghlacadh le haghaidh saoire cúram nó staidéir. Mar gheall ar riachtanais éagsúla ag tráthanna éagsúla an tsaoil, d’fhéadfadh conarthaí éagsúla gairme a bheith ann, le hathruithe ar líon na n-uaireanta oibre nó le sosanna gairme (Anxo et al, 2006b, Muffels et al, le foilsíú).

Rinne suirbhé na Bunaíochta ar am oibre i gcomhlachtaí Eorpacha anailís ar phróifileanna solúbthachta in 21,000 comhlacht agus is í an chonclúid aige ná nach coincheap líneach aontoiseach atá i gceist, a théann ó sholúbthacht íseal go solúbthacht ard. I bhfad níos casta atá an scéal le firinne. Sa chomhthéacs seo is cosúil gur fiorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh ar straitéisí solúbthachta a dhíríonn ar riachtanais na n-oibrithe, agus straitéisí a dhíríonn ar éilimh oibriúcháin na mbunaíochtaí. Cuireann tortháí an taighde seo in iúl festa nach gá coimhlint a bheith i gceist i gcónai agus solúbthacht á meadú: cé go bhfuil na lipéid ‘dírithe ar an oibrí’ agus ‘dírithe ar an gcomhlacht’ orthu, tá próifileanna na solúbthachta airde páirteach lena chéile i roinnt mhaith cleachtas solúbthachta a riarrann ar riachtanais na bhfostaithe agus na gcomhlachtaí mar aon (Chung et al, 2007).⁷

Solúbthacht uimhriúil nó chonarthach

Is éard atá i gceist le solúbthacht uimhriúil nó chonarthach ná comhlachtaí ag dul i muinín conarthaí neamhbhuana chun fórsa saothair níos solúbtha a bheith acu. Is iad na foirmeacha is comóna de chonradh neamhbhuan ná conarthaí lena mbaineann téarma seasta (agus obair shéasúrach san áireamh), obair shealadach (agus obair shealadach do ghníomhaireacht san áireamh) agus obair ar glao-dhualgas.

Léiríonn Tábla 2 ar leathanach 8 a éagsúla is atá minicíocht chonarthaí lena mbaineann téarma seasta trasna na mBallstát. Léiríonn sé festa gur cionmhaireacht den fhostaíocht fhiorímlán í atá ag meadú i bhformhór na dtíortha. Tá eisceachtaí suimiúla ann, go háirithe Éire, an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg, áiteanna mar a bhfuil solúbthacht na margáil saothair níos airde, agus is féidir go laghdaíonn seo an riachtanas le conarthaí lena mbaineann téarma seasta.⁸

Taispeánann taighde de chuid an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú gur measa dálaí oibre na n-oibrithe a bhfuil conarthaí acu lena mbaineann téarma seasta ná iad siúd atá ag oibrithe a bhfuil conarthaí buana acu, agus bíonn líon níos ísle diobh ag teacht ar oiliúint agus neamhspleáchas ó thaobh a bpoist (Goudswaard agus de Nanteuil, 2000).

⁷ <http://www.eurofound.europa.eu/pubdocs/2007/39/en/1/ef0713en.pdf>

⁸ Nuair atá leibhéal níos ísle ann de reachtaíocht cosanta fostáiochta, is amhlaidh gur fusa an fhoireann sheasmhach a fhostú agus a bhriseadh, agus is féidir gurb é seo is cúis leis an leibhéal íseal de chonarthaí neamhsheasmhacha sna tíortha seo. Tá staidéar fairsing déanta ag an ECFE, ag an EIS agus ag an gCoimisiún Eorpach ar éifeacht reachtaíochta den sórt sin, agus is í an chonclúid a bhí acu ná nach leor leibhéal íseal féin de reachtaíocht cosanta fostáiochta chun níos mó solúbthachta agus socracha a ráthú.

An tSolúbthachta ama agus airgeadais

Agus an tsolúbthachta ama nó airgeadais á gcur i bhfeidhm, tá comhlacthaí in ann leibhéal sholúbthachta níos airde a dhaingniú trí mheán socrutithe níos solúbtha maidir le ham oibre nó le pá. D’fhéadfadh ragobair mar shampla, obair pháirtaimseartha, obair ag an deireadh seachtaine, uaireanta neamhrialta nó inathraithe a bheith i gceist leis na socrutithe seo.

Is féidir na cineálacha difriúla de shocruithe maidir le ham oibre a chur i ngrúpaí de réir cé acu an iad fostóirí nó fostaithe is mó a spreagann iad. Tá roinnt scéimeanna ann ar den dá ghrúpa iad agus thig le héifeacht thimthriallta gnó an catagórú seo a thiontú ar ais. An rud a d’fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste do pháirtí amháin agus an timthriall gnó ag dul i bhfeabhas, is féidir go mbeidh sé ina mhíbhuntáiste i rith coir chun donais. Mar an gcéanna, an rud ar cosúil gur ceart é, is féidir go dtarlóidh gur priacal ar deireadh é.

D’fhéadfadh obair pháirtaimseartha, sceidil sholúbtha maidir le ham oibre, daoine ag scor den obair de réir a chéile agus go luath, oiriúint do chomhlacthaí agus d’fhostaithe araon. De ghnáth, is é an fostóir a iarrann uaireanta oibre neamhghnácha (seal na hoíche, seal an tSathairn nó an Domhnaigh nó uainíocht go ginearálta), ragobair agus fostáiocht shealadach (agus conarthaí lena mbaineann téarma seasta, obair shealadach do ghníomhairesacht agus obair neamhspleách san áireamh); agus is é an fostá a éilíonn saoire thuismitheoirí agus scéimeanna eile saoire de ghnáth (saoire chúraim, oideachais, saoire shabóideach) agus cuntas ama oibre. Is féidir go n-éilíonn an fostóir nó an fostá cuntas bhliantúil maidir le ham oibre, ach is minic a bhaineann siad le luaineacht an ualaigh oibre agus le hathruithe sa timthriall gnó (Chung et al, 2007).


Amhail obair lena mbaineann téarma seasta, tá éagsúlacht mhór ann maidir le minicíocht oibre páirtaimseartha ó thír go chéile. Taispeánann taighde gur minic a bhíonn cáilíocht oibre na n-oibrithe páirtaimseartha níos ísle ná cáilíocht oibre oibrithe lánaimseartha atá inchurtha leo, go háirithe maidir lena mhéid is a bhíonn siad in ann teacht ar oiliúint, agus ar fhéidearthachtaí forbartha gairme agus ardaithe céime (Anxo et al, 2007). Táthar ag cuimneamh go cúramach ar an tsaincheist seo, áfach, sa díospóireacht Eorpach idir páirtithe sóisialta agus sa reachtaíocht Eorpach. Is é an pointe deireanach nach mór cuimhneamh air ná conas a réiteofar an t-aistriú ó obair lánaimseartha go dtí obair pháirtaimseartha agus vice versa.

Solúbthacht feidhmíochta

Is é an rud atá i gceist leis an tsolúbthachta feidhmíochta ná foirmeacha eagrúchán oibre mar sealáiocht tasc, iltascaíocht, agus oibrithe a tharraingt isteach in obair phleanála nó bhuiséadaithe (neamhspleáchas meithle). Taispeánann Figiúr 1 minicíocht na sealáiochta tasc agus na hoibre foirne ar fud an AE27.

Is í príomhaidhm na bhfoirmeacha seo den eagrúchán oibre ná obair sa chomhlacht a dhéanamh níos solúbtha, rud a ligeann d’oibrithe áit a athrú de ré mar is gá (sealaiocht phoist). Mar sin fén, is féidir go bhforbrófaí níos mó scileanna dá bharr seo chomh maith, mar thig le hoibrithe a gcuid scileanna a thabhairt cothrom le dáta ar dhóigh atá tairbheach dóibhsean mar dhaoine agus don chomhlacht chomh maith. Mhéadódh sé seo idir chinnteacht a bpoist agus a gcinnteacht fhostaíochta. Chuirfi ar cumas na n-oibrithe níos mó taisc a dhéanamh ina bpost agus sa chomhlacht (rud a bhreiseodh cinnteacht a bpoist), ach mhéadódh siad a infhosaithe is a bheadh siad chomh maith maidir le post eile a fháil ina dhiaidh sin (taobh istigh nó taobh amuigh den chomhlacht).

Figiúr 1: Sealaiocht tasc agus meithle san AE27, fostaithe amháin (2005)




Foinse: Ceathrú Suirbhé Eorpach ar Dhálaí Oibre, 2007.

Nochtann anailís tháinisteach ar an European Working Conditions Survey [an t-Suirbhé Eorpach ar Dhálaí Oibre] go mbíonn tionchar tábhachtach ag an tsolúbthacht feidhmíochta ar an bhfoghlaim, ar an gcumas le fadhbanna a réiteach agus ar an nuálaíocht ar leibhéal eagrúcháin. Aithníodh ceithre chineál eagrúchán oibre difriúla: eagrúchán ‘foghlama’, ‘ardfheidhmithe’, ‘Taylorach’ agus ‘traidisiúnta’. As measc na gceithre chineál a aithníodh, tá claonadh ag dhá cheann acu solúbthacht inmhéanach na n-oibrithe taobh istigh den chomhlacht a mhéadú: ‘eagrúcháin foghlama’ agus ‘eagrúcháin ardfheidhmithe’. I gcomhlachtaí a bhfuil na cineálacha seo den eagrúchán oibre acu, tarraingítear oibrithe isteach in obair le fadhbanna a réiteach agus ciintí a dhéanamh. Tá níos mó féidearthachtaí acu le hiad féin a fhorbairt sa phost. Tá dlúthnasc ann chomh maith idir an dóigh a mbíonn daoine ag obair agus ag foghlaim i gcomhlacht agus an dóigh a dtig le comhlacht nuáil a dhéanamh, ach maidir le cúrsáí nuála, bíonn buntáiste ag eagrúcháin foghlama ar eagrúcháin ardfheidhmithe go hiondúil. Breisítear an chinnteacht fhostaíochta: chun cur ar cumas oibrithe déileáil le hathruithe riachtanacha agus aistrithe féideartha i rith a ngairme, agus a bhfuil ag teastáil a thabhairt dóibh lena aghaidh, tá sé tábhachtach béim a chur ar scileanna a thabhairt cothrom le dáta, trí mheán an eagrúchán oibre.

Oiliúint is ea modh eile chun scileanna a leasú. Léiríonn an ceathrú Suirbhé Eorpach ar Dhálaí Oibre nach bhfuil aon fheabhsú i leibhéal oiliúna i gcomhlachtaí Eorpacha: as gach triúr oibrithe san AE, cuireann níos lú ná oibrí amháin in iúl go raibh oiliúint ar phá aige le 12 mhí anuas. Tá éagsúlachtaí tábhachtacha ann chomh maith maidir le leibhéal rochtana ar oiliúint ó thír go chéile, agus idir oibrithe oilte agus oibrithe ar bheagán oiliúna agus idir oibrithe a bhfuil cineálacha éagsúla conartha fhostaíochta acu. Is cosúil go bhfuil éifeacht mhór ag oideachas roimh ré ar dheiseanna oiliúna breise sa mhargadh saothair (féach ar Figiúr 2), rud a mhéadaíonn priacal an phóláraithe idir iad siúd a bhfuil rochtain acu ar oiliúint agus iad siúd nach bhfuil rochtain acu.

Figiúr 2: Oiliúint ar phá a fuarthas le dhá mhi dhéag anuas, de réir leibhéal oideachais (%)



Foinse: *Ceathru Suirbhé Eorpach ar Dhálai Oibre, 2007.*

Céim ar aghaidh, b'fhéidir, ab ea ‘ceart foghlama’ níos ginearálta a dhéanamh de ‘fhorbairt inniúlachta’, agus é oriúnaithe do chumas gach duine. Is é an cur ar chumas daoine déileáil le hathrú i rith a saoil, san obair agus taobh amuigh den an obair, atá i gceist.

Ról na n-institiúidí sóisialta

Tá a lán foirmeacha de shocracht ann: socracht poist, socracht fostáiochta, socracht ioncaim agus comhshocracht. Is féidir le gníomhaithé eagsúla na foirmeacha socrachta seo do fhoirmeacha éagsúla solúbthachta a chosaint trí roinnt bhearta a dhéanamh nó a institiúidiú.

Tá ról an-tábhachtach ag comhlachtaí i bhforbairt infhostaitheachta a gcuid fhostaithe. Dearbhaíonn taighde a rinne Eurofound le déanaí an cás gnó do chomhlachtaí dul i mbun na ceiste seo.⁹ Agus an obair á socrú acu, idir fhoirm agus ábhar, féadann comhlachtaí socracht a chruthú, go háirithe trí solúbthacht feidhmíochta a mhéadú trí mheán shaibhriú poist, oiliúna, eagraithe oibre agus b'fhéidir difréala pá. Féadann siad socrú ar an rogha de chineál conartha fostáiochta agus de am oibre chomh maith. Mar sin féin, an méid a bhfuil insoláthraithe ag comhlachtaí braitheann sé ar an leibhéal náisiúnta agus teascóige chomh maith. Tá idir reachtaíocht agus institiúidí sóisialta tábhachtach agus éifeacht acu ar mhéid na socrachta do oibrithe.

Tá institiúidí sóisialta neadaithe i dtraidisiúin náisiúnta. Táthar ag plé mórán athchóiriú na n-institiúidí seo i gcomhthéacs na straitéisí Eorpacha faoi fhostaíocht agus cosaint shóisialta. Is léir nach féidir agus nach cóir go dtugann gach aon institiúid náisiúnta tréaniarracht ar chomhchuibhíú. Mar sin féin, agus na dúshláin chosúla os comhair a lán tíortha, is féidir beartais a chomhordú de réir an Mhodha Oscailte Comhordaithe, trí cuspóirí coitianta a leagan síos, trí dul chun cinn a thomhas (de réir táscairí comhaontaithe) agus trí fhoghlaím ó dhea-ghnás. Is féidir gurb iad conarthaí comhchoitianta a threoróidh próiseas cinnteachta solúbthachta i dtíortha Eorpacha éagsúla, agus meas ar inniúlacht na mBallstát sa réimse seo ag an am céanna.

Institiúidí an mhargaídha shaothair

Tá ról tábhachtach ag institiúidí an mhargaídha shaothair. Oibrithe a chosaint is ea aidhm reachtaiochta cosanta fostáiochta (RCF). Is constaic í ar an chultúr ‘fostaigh agus bris’ ar modh furasta é chun solúbthacht a thabhairt isteach do na hoibrithe go léir. Craobh amháin den RCF is ea forbairt mhargadh déach an tsaothair, a bhfuil bungrúpa oibrithe seasmhacha ann agus cosaint an-láidir acu ar dhífhostú: dá bharr sin beidh fostóirí tograch do chonartháí neamhsheasmhacha chun straitéis na solúbthachta uimhriúla a éascú. Is é toradh chóras margaidh shaothair den leithéid seo ná an tsolúbthacht a thiubhú i dteascán amháin den fhórsa shaothair (solúbthacht ag an imeall) agus na difríochtaí idir stádas seasmhach agus stádas neamhsheasmhach na fostáiochta a neartú, go hiondúil ar chostas an ghrúpa dheireanaigh (‘éifeacht lár-imeall’).

Chun an leibhéal riachtanach socrachta a bhaint amach, is féidir ról tábhachtach a bheith ag beartais ghníomhacha ar an margadh saothair. Cinntíonn siad seo go gcuideofar daoine a chailleann a bpost nó atá ag iarraidh an ‘conair sholúbtha’ a leanúint má tá post eile á chuardach acu. Tá dhá phríomhfheidhm ag beartais ghníomhacha ar an margadh saothair: oiliúint bhrefise a sholáthar i rith ‘idirchréimhsí’, agus soláthar agus ráchait ag tsaothair a mheatseáil. Mar sin féin, is léir go bhfuil coinníollacha áirithe ann a éascaíonn na róil seo. I dtús báire, ba chóir go mbeadh obair agus poist go a bheith sa mhargadh saothair agus san fheidhmiú eacnamaíoch chun go mbeadh na ghníomhaireachtaí fostáiochta in ann a seirbhísí meaitseála a chomhlónadh. Ag an am céanna, ba chóir infheistíochtaí substaintiúla a bheith ann i seirbhísí fostáiochta poiblí agus i ngníomhaireachtaí coimhdeacha. Teastaíonn go leor ama agus airgid chun a leithéid de chreatlach institiúideach a chruthú.

⁹ Féach ar samplaí de dhea-ghnás ag <http://www.eurofound.europa.eu/ewco/employment/quality/attractiveworkplace.htm>

I mbeartas gníomhach sa mhargadh saothair, tá béim ar scileanna agus inniúlachtaí a thabhairt suas chun dáta ar bhonn leanúnach, agus is príomheilimint í seo nach laghdaíonn luaineacht na staide eacnamaíche náisiúnta a tábhacht. Is amhlaidh gur cloch tógála de chuid Straitéise Eorpaí na Fostaíochta í an fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Cé gur gá iarracht speisialta chun an t-aistriú idir difhostaíocht agus fostáiocht agus/nó idir conarthaí fostáiochta éagsúla a éascú,¹⁰ thiocfadh le leasú scileanna ar bhonn leanúnach an t-oibrí a dhéanamh ‘níos solúbtha’ maidir lena chuid scileanna féin. Mar a pléadh thuas, is í solúbthacht feidhmíochta modh amháin chun scileanna a leasú i rith na fostáiochta, agus thiocfadh le beartais ghníomhacha sa mhargadh saothair oiliúint agus oideachas a sholáthar i rith tréimhsí difhostaíochta nó saoire.

Córais chosanta sóisialta

Ba chóir éifeacht solúbthachta breise sa mhargadh saothair (do na hoibrithe go léir nó do grúpa oibrithe neamhchinnte) a scrúdú go mion. Is féidir gur foirm nua de phriacal sóisialta í. Cruthaíonn solúbthacht poist agus fostáiocht araon, ach is féidir na buntáistí seo é seo a chomhlánú le córais chosanta sóisialta chun priacail na n-oibrithe aonair a riad, coincheap ar cóngarach é le bunidé na cinnteachta solúbthachta. Tá ról lárnach sáraithe priacal ag córais chosanta sóisialta, seo an fáth a bhfuil ról chomh tábhachtach sin acu i samhail shóisialta an Aontais Eorpaigh. Is léir mar sin go bhfuil ról comhlánaithe acu maidir le déileáil le priacal na difhostaíochta i margadh saothair níos solúbtha.

Tá dhá phríomhaidhm ag córais chosanta sóisialta – díthráchtearrú ar láimh amháin agus infhostaitheacht ar an láimh eile (féach ar Tábla 3). Is é an rud atá i ndíthráchtearrú ná an méid a bhfuil ar cumas daoine agus teaghach caighdeán maireachtála inghlactha go sóisialta a choinneáil gan páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair (Esping-Andersen, 1990). Is féidir a rá fosta an tríú aidhm: ceartas sóisialta nó athdháileadh a bhaint amach. Ar son na simplíochta, áfach, cuireann muid béim anseo ar an chéad dá cheann agus ar a gcuid iarmháirtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.

Tábla 3: *Cuspóirí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chórais chosanta sóisialta*

	Gearrthéarma	Fadtéarma
Díthráchtearrú	Ioncam sealadach chun daoine a chosaint ar dhála neamhchinnte (m.sh. liúntas difhostaíochta)	Buanú ioncaim i gcás teagmhás struchtúrtha nó fadtéarmach (m.sh. sochar míchumais, pinsin nach bhfuil ceangailte le gníomh roimh ré sa mhargadh saothair)
Infhostaitheacht	Athfhostaiocht, conarthaí le ‘stádas tábhaisteach’ mar chonarthaí téarma sheasta, scéimeanna comhtháithiúil i gcomhlachtaí	Forbairt de thionscnamh pearsanta nach gá go bhfuil siad brabúsach go láithreach sa ghearrthéarma sa mhargadh saothair, forbairt scileanna

Foinse: *Vielle agus Walthery, 2004, lch.85*

Bhí ról tábhachtach riamh ag stáit leasa shóisialaigh (nó ag córais chosanta sóisialta) mar uirlisí an díthráchtearraithe (Vielle agus Walthery, 2003). Le firinne, tá an tsamhail shóisialta Eorpach bunaithe ar an idé go gcúitíonn an stát caillteanas nó laghdú ioncaim thuillte i gcás teagmhaithe priacal áirithe (difhostaíocht, tinneas, dul in aois, máithreachas, easláine, bás) nó i gcás ualaí eisceachtúla, m.sh. speansais mhíochaine nó theaghlaigh. Tá córas ag formhór na stát fosta chun cuidiú leo siúd nach bhfuil ar a gcumas slí bheatha a bhaint amach dóibh féin (go sealadach nó go seasmhach).

¹⁰ Bheadh réimse fhairsing factóirí san áireamh aige seo, mar aon le gluaiseacht idir féinfhostaíocht agus fostáiocht, idir páirtaimsearthacht agus lánamsearthacht, idir conarthaí sealadacha agus conarthaí seasmhacha agus í ag dul i ngach treo. Is féidir go mbeadh sé seo tábhachtach maidir le dearcadh fad an tsaoil: féach Muffels et al, le foilsíú.

Tá priomhghné eile ar chórais chosanta sóisialta a bhaineann le hinfhostaitheacht, ceaptar an fhostaíocht mar phríomhdhóigh chun ioncam a chinntíú agus mar bunús folláine pearsanta chomh maith. Tá ról tábhachtach ag an ghné seo chomh maith i straitéis eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, a bhfuil fostáiocht ard ar na priomhchuspóirí inti.

Maidir le cinnteacht solúbhthachta mar sin, is uirlis thábhachtach iad córais chosanta sóisialta chun déileáil le priacail shóisialta sa ghearrthéarma agus san fadtéarma. Tá lucht faighte cosanta sóisialta in ann tréimhsí gan fostáiocht a shárú. Ní cóir don tsochar seo bheith ina ghaiste do dhaoine, m.sh. mar sochar rófhial nó neamhtheoranta, a sháinníonn daoine sa difhostaíocht i gcásanna áirithe. Mar sin, cuirtear béim air gur maith is fiú a bheith ag obair, gan dearmad a dhéanamh ar riachtanas cuidiú a thabhairt do dhaoine i rith dóibh gan a bheith in ann obair.

Cuireann córais chosanta sóisialta éagsúla béim ar shraitheanna éagsúla sochar agus ar modhanna éagsúla córais chosanta sóisialta a mhaoiniú. Tá a lán tiopeolaíochtaí ann de stáit leasa shóisialaigh. Is í an ceann is minice a threoraíonn an díospóireacht ná an ceann a chum Esping-Andersen (1990), a shainaithníonn trí chineál stáit leasa shóisialaigh (stát leasa shóisialaigh corporáidíoch/coimeádach, stát leasa shóisialaigh liobrálach agus stát leasa shóisialaigh daonlathach sóisialach), agus ceathrú samhail á gcomhlánú, stát leasa shóisialaigh Meánmhuirí (Ferrera, 1996). Chlóigh na córais go léir le hathruithe na mbeartas, áfach, agus d'éirigh siad samhla hibrídeacha. Is deacair na Ballstáit nua a rangú de réir na tiopeolaíochta seo chomh maith. Mar sin féin, de réir na tiopeolaíochta, is féidir roinnt sriantachtaí a shainaithníu do gach córas.¹¹ Ba chóir iad seo a chur san áireamh i ndíospóireacht na cinnteachta solúbhthachta do gach ceann de na córais chosanta sóisialta.

Bonneagar sóisialta

Seachas beartais mhargaidh shaothair agus cosanta sóisialta, tá ról ag institiúidí sóisialta eile ag leibhéal náisiúnta maidir le comhoibriú cinnteachta solúbhthachta, solúbhthachta, infhostaitheachta agus páirteachais san fhostaíocht. Tá éifeacht ag an bhonneagar sóisialta atá ar fáil fosta ar roghanna fostáiochta. Mar shampla, an modh a n-institiúidítear breith leanáí agus cúram leanáí sa tsocháí. Agus cúram do dhaoine aosta mar a chéanna.

An pháirt a ghlacann tuismitheoirí atá ag obair, agus go háirithe na máithreacha atá ag obair, i margadh saothair, braitheann sí ar na saoráidí chúram leanáí agus ar an chúram iarscoile atá ar fáil, agus ní mar a chéanna a sholáthraítear iad ó thír go chéile. Uaireanta oscailte, cálíocht agus costas, an poiblí nó príobháideach nó maoinithe go poiblí é, ceisteanna iad seo a bhfuil éifeacht mhór acu ar roghanna tuismitheoirí atá ag obair.

B'fhéidir go roghnaíonn tuismitheoirí fanacht abhaile níos mó am agus a gclann óg (saoirse thuismitheoirí). Is minic a bhfuil tionchar ar an rogha ag infhaighteacht, fad agus féile na sochar (Anxo et ál, 2006a). Maidir le tréimhse saoire níos faide, is tábhachtach an filleadh ar an obair (lánaimseartha nó pháirtaimseartha) a éascú.

I roinnt tíortha, téann a lán daoine, go háirithe mná, i muinín fostáiochta páirtaimseartha chun réiteach a dhéanamh idir an obair agus an saol príobháideach. San Ísiltír, mar shampla, tá formhór mór na ban atá obair ag obair go páirtaimseartha, agus tá beagnach a leath de fórsa saothair na tíre (idir mhná agus fhír) ag obair go páirtaimseartha.

¹¹ Is iad na srianta ar gach córas ná: sa chóras corporáidíoch – pinsin a mhaoiniú gan costas an tsaothair a mhéadú go diréireach; sa chóras liobrálach – córas déach ginte ag an deacracht filleadh go lánfhostáiocht a bhaint amach agus ag feiniméin difhhostáiochta na n-óg agus tuismitheoirí aonair; sa chóras daonlathach sóisialach – conas níos mó oibre a chur ar fáil, go háirithe do oibrithé neamhoilte, gan cur in aghaidh phrionsabal cothromáiochta an daonlathais shóisialaigh; sa chóras Meánmhuirí – conas solúbhthachta a mhéadú ach socracht eacnamaíoch a chinntíú do fhostaithe.

Mar sin, freagraíonn tíortha agus saoránaigh i modhanna an-éagsúla do chomhcheangal oibre agus teaghlaigh: ó tharraingt amach as an margadh saothair go dtí tréimhsí fada saoire (saoire tuismitheoirí) go dtí teaglaim oibre agus cúraim leanaí (a bhfuil infhaighteacht, costas agus cáilíocht na saoráidí cúraim ina bhfachtóirí fiorthábhachtacha ann).

Solúbthacht agus socracht ag leibhéal an teaghlaigh

Cé go bhfuil cinnteacht solúbthachta ina cheist a bhaineann go príomha leis an chaidreamh idir fostóirí agus fórsa saothair, tá castacht eile ann, mar atá, tá an tsolúbthacht, agus go háirithe an tsocracht, ina n-eilimint a bhfuil iarmhairtí follasacha acu ag leibhéal an teaghlaigh.

Is minic ar tábhacthaí tomhas ioncaim ag leibhéal an teaghlaigh ná ag leibhéal an duine. Agus is amhlaidh an cás i dtaobh dálíle ama, idir am oibre agus am saor, maidir le daoine fásta a bhfuil cleithiúnaithe acu. Dá bharr sin, tá sé tábhachtach comhdhéanamh an teaghlaigh a chur san áireamh agus iarmhairtí oibre solúbtha á n-athmhachnamh, mar tá tionchar aigsean festa ar chloí leis an margadh saothair i rith an tsaoil (Riedman et al, 2006).

Ní dhéanann neamhshocracht ioncaim aimhleas don oibrí aonair amháin, ach do staid a theaghlaigh chomh maith. San anailís a rinne Eurofound ar an bhochtaineacht in ainneoin a bheith ag obair, is follasach go bhfuil baint idir comhdhéanamh an teaghlaigh, conarthaí neamhsheasmhacha nó conarthaí gairme idirbhriste agus níos mó leocheileacht (Peña-Casas agus Latta, 2004). Mar sin, ba chóir a bheith eolach ar ghaistí na gcinnteacht solúbthachta a dtagann bochtaineacht in ainneoin a bheith ag obair de.

Treoracha beartais

Ceisteanna beartais

Nuair a ceapadh córais chosanta sóisialta Eorpacha, bunaíodh ar ‘shamhail an fhir chothaithe teaghlaigh’ iad, a bhfuil ioncam amháin sa teaghlaigh inti (ioncam an fhir) agus eagrú an teaghlaigh ina phríomhfheagrácht don bhean chéile. Ba mhinic a raibh an post céanna ag an oibrí fad a shaoil oibre. Cionn is gur mhéadaigh páirt a ghlac an bhean i meitheal oibre agus gur leathnaigh conarthaí gairme níos eipeasódí agus níos neamhleanúnaí, tá aird nua á tabhairt ar mhodhanna eile chun am oibre a eagrú ar fad an tsaoil. Priomheilimint atá le meas is ea iarmhaint na gclontaithe a luadh thusa do rochtain ar theidlíochtaí cosanta sóisialta.

Eilimint thábhachtach san athmhachnamh is ea staid airgeadais agus institiúideach gach Ballstáit, mar tá éifeacht aige ar féidearthacht an athchóirithe. Ba chóir béim a chur air go dteastaíonn ní hamháin roinnt mhaith misnígh pholaitiúil chun na n-athchóirithe go léir ach is féidir go dteastaíonn am chomh maith chun go dtugann siad toradh, ag brath ar an chomhthéacs eacnamaíoch áirithe. Braitheann inaistritheacht ‘idéanna’ eile faoi cinnteacht solúbthachta ar chumas eacnamaíoch agus ar chumas institiúideach polaitiúil, mar aon le gníomhaithe crosta, tosaíochtaí, indéantacht eacnamaíoch agus toil pholaitiúil chun glacadh leis na hathchóirithe seo ag leibhéal éagsúla.

Muinín mar réamhchoinníoll solúbthachta agus socracha

Chun tabhairt ar cinnteacht solúbthachta oibriú, tá sé tábhachtach athmhachnamh a dhéanamh ar na hiarmhaintí do gach páirtí a mbaineann sí leis: don duine (don oibrí), don tsochaí, do chomhlachtaí. Is í an mhuinín an phríomheilimint a dhéanann an nasc seo. Má chreideann na daoine sa todhchaí, beidh siad níos sásta dul i bpriacal maidir lena stádas fostáiochta, beidh siad níos sásta a bheith ag obair ‘go solúbtha’ (solúbthacht conartha, solúbthacht ama oibre, solúbthacht feidhmíochta) agus an obair a chomhcheangal leis an teaghlaigh.

Caithfear muinín a bheith ag daoine as athruithe chomh maith: ní cóir an t-athrú a cheapadh mar drochrud amach is amach agus caithfear na daoine a chur ar a suaimhneas go bhfuil na hacmhainní ann dóibh le titim isteach leis na bhfactóirí atá ag éirí. Sampla amháin de seo, ná go bhfuil reachtaíocht chosanta fostáiochta measartha lag in éineacht le ráta athraithe fostáiochta ard sa Danmhairg: athraíonn 25% de oibrithe Danmhargacha a bpost gach bliain. Glactar leis an chomhbhabhtáil seo, mar tá muinín láidir as post inchurtha eile a fháil faoi cheann tréimhse réasúnta, de bharr fheidhmiú eacnamaíoch na tíre go ginearálta agus de thoradh beartas gníomhacha na Danmhairge um an margadh saothair, agus sochar difhostáiochta fial mar aon leo.

Caithfear muinín a bheith ag daoine as an obair: ba chóir gur féidir le hoibrí pleanáil a dhéanamh i rith a shaoil gan barraíocht míchaoithiúlachtaí agus priacal ar a ghairm/phinsean. Ba chóir idirbhristeacha agus aistrithe poist/fostáiochta a eagrú sa mhodh is go bhfuil na struchtúir tacaíochta riachtanacha ag oibrithe chun saol na hoibre a chomhcheangal leis an tsaoil príobháideach. Ba chóir an bealach a réiteach chun aistrithe a dhéanamh i rith an tsaoil idir obair lánaimseartha agus obair pháirtaimseartha, idir stádais fhostaíochta éagsúla, agus chun tréimhsí difhostáiochta a shárú. Ar ndóigh, is fachtóirí tábhachtacha iad cruthú post, iomaíocht agus tréanfhás eacnamaíoch chomh maith chun rath na n-aistrithe seo a chinntíú.

Chun an tsochaí seo na muiníne a chruthú, caithfear na córais Eorpacha a chur in oiriúint leis an réaltacht nua seo: córais chosanta sóisialta, córais mhargaídh shaothair agus bonneagar sóisialta. Níl aon réiteach uilíoch ann atá inaistrithe ó thír go thír.

Ról do gach páirtí

Tá cómhuinín an-tábhachtach idir gach páirtí sa chumraíocht seo, agus idir páirtithe sóisialta agus rialtas mar aon. Ina theannta sin, teastaíonn am chun athchóirithe a chur i bhfeidhm agus chun torthaí a bhaint díobh. Tá ról an-tábhachtach ag páirtithe sóisialta maidir le glacadh le hathruithe le tabhairt isteach ag leibhéal an chomhlachta (agus ag leibhéal na teascóige agus ag leibhéal náisiúnta) agus maidir lena múnlú chomh maith. Má tá na páirtithe sóisialta in ann socrú ar mhodh chun déileáil leis na ceisteanna deacra seo, thiocfadh leo féachaint dea-ghnás a fhorbairt chun é seo a dhéanamh. Ba chóir do cheardchumainn bheith sásta glacadh le laghdú socracha poist sa ghearrthéarma chun margadh saothair níos dinimiciúla agus méadú socracha fostaiochta a bheith ann san fhadtéarma.¹² Teastaíonn am chun go dtugann athruithe áirithe torthaí. Dá gcuirfí isteach iad i bpróiseas na cinnteoirreachta agus an churtha i bhfeidhm, is féidir go neartófaí an mhuinín.

Thig le páirtithe sóisialta páirt a ghlaicadh ag leibhéal éagsúla. Is ag margáil an leibhéal áitiúil is follasaí a bhfuil baint acu, agus ról fiorthábhachtach i gcaibidlíocht chomhlachta acu faoi réimse mhór cheisteanna, agus socrutithe ama oibre, oiliúint agus pá mar aon leo. Tharlaíonn roinnt den chaibidlíocht seo ag leibhéal éagsúla: cómhargál chomhlachta, teascóige nó náisiúnta. Ina theannta sin, i dtíortha áirithe, tá ról ag páirtithe sóisialta i bpróiseas na reachtaíochta, go follasach, i ról comhairliúcháin nó trí bhealaí eile.

Thig le caibidil ag gach leibhéal comhréiteach is fearr a tharraingt idir solúbthacht agus socracht.

Modh oibre comhtháthaithe il-leibhéalach

Agus a iltoisí is atá cinnteacht solúbthachta, tá sé tábhachtach tréan-iarracht a thabhairt ar chomhtháthú na réimsí beartais éagsúla. Is gá beartas níos comhtháite chun dul i gceann na ceiste agus méadú idirghníomhaíochta idir eilimíntí éagsúla agus idir beartais éagsúla (dlí an tsaothair, beartais mhargaidh shaothair agus córais chosanta sóisialta) chun fostaioccht inbhuanaithe agus comhtháthú sóisialta a chruthú.

Níl aon mhodh fairfe chun é seo a dhéanamh, cibé acu an tsamhail ‘Dhanmhargach’ agus níos mó solúbthachta do na hoibrithe go léir, nó modh oibre níos ‘idirthréimhsí’ mar an tsamhail Ísiltíreach ina mbogann daoine isteach is amach i margadh saothair na tíre sin. Mar sin féin, tá sé tábhachtach sna córais go léir go bhfuil gach gníomhaí párteach agus ceangailte ag na leibhéal oiriúnacha ar bhonn tríthaobhach.

Mar atá an cás le próiseas athraithe ar bith, is léir go gcaithfear comhbhabhtáil a dhéanamh ag gach leibhéal le haghaidh phróiseas na cinnteacht solúbthachta. Ciallaíonn seo go mbeidh príomhról ag comhrá, go háirithe ag comhrá sóisialta, faoi ábhar na n-athruithe riachtanacha agus faoi conas a chuirfear na hathruithe seo i bhfeidhm.

¹² Óráid Per Madsen ag comhdháil faoi ‘Transitional Labour Markets and Flexicurity’, Amstardam, Nollaig 2006.

Priacail shóisialta nua á gcur san áireamh

Ba chóir éifeacht shocruithe ama oibre i rith an tsaoil a mheas de réir a n-éifeacht ar chearta cosanta sóisialta, ar rochtain ar eilimintí éagsúla na gcóras slándála sóisialta, ar leibhéal ioncaim agus/nó ar sochair comhlánaithe, agus, faoi dheireadh, ar inbhuanaithe airgeadais na gcóras slándála sóisialta.

Déanann neamhshocracht ioncaim dochar ní hamháin don oibrí aonair ach do staid a theaghlaigh chomh maith. San anailís a rinne Eurofound ar an bhochtaineacht in ainneoin a bheith ag obair, feictear go bhfuil baint fhollasach idir comhdhéanamh an teaghlaigh, conarthaí neamhsheasmhacha nó conarthaí gairme idirbhriste, agus níos mó leochoileacht.¹³ Mar sin, ba chóir a bheith eolach ar ghaistí na cinnteacht solúbthachta a dtagann bochtaineacht in ainneoin a bheith ag obair de.

Ba chóir aird shainiúil a thabhairt ar na hoibrithe is leochairí, ar féidir nach mbainfeadh siad úsáid as an oiliúint agus as an bhreisoiliúint. Is féidir go bhfuil foirmeacha éagsúla oiliúna i ngá do ghrúpaí áirithe oibrithe (m.sh. dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama nó tuirse fhoghlama orthu). Gluaiseacht suas i gconair na gairme is ea an idé is bunúdar na cinnteachta solúbthachta. Tá priacal go bhfuil oibrithe ann a ghaisteofar i ‘droch-chonarthaí gearrthéarmacha’ iad.

Cearта á n-aithint

Ba chóir athmheas rianúil a dhéanamh faoi chórais chosanta sóisialta agus mar sin is féidir cur san áireamh an éifeacht ag méadú solúbthachta agus ag méadú cinnteachta solúbthachta ar dhaoine agus ar chórais. Is féidir é seo a mhúnlú ar chomhordú na gceart slándála sóisialta do spailpíní fánacha agus a bheith bunaithe ar na prionsabail thábhachtacha chéanna:¹⁴

- comhionannas déileála (mar atá sa tsamhail Ísiltíreach idir conarthaí páirtaimseartha agus conarthaí lánaimseartha);
- reachtaíocht faoi choinne ceart a bhfuil ‘aistrithe’ idir stádais/conarthaí/sealanna éagsúla fostáiochta i gceist leo (m.sh. idir fostáiocht agus féinfhostáiocht, idir conarthaí éagsúla agus sealanna difhostáiochta);
- comhiomlánú tréimhsí árachais, cearta a choinneáil (m.sh. cearta tiomsaithe pinsin);
- inaistritheacht de chearta, go háirithe i gcaitheamh aistrithe: cearta gnóthaithe a choinneáil (is féidir gur deakra é seo, cionn is go bhfuil roinnt de na cearta tiomsaithe ceangailte leis an chonradh ó nádúr, m.sh. rochtain ar chúram sláinte (forlíontach)).

Gné thábhachtach eile le cur san áireamh agus iarmhairtí méadaithe solúbthachta do dhaoine á anailisiú is ea ‘pacáiste’ ionmlán na gceart sóisialta. Tá sé tábhachtach, mar shampla, athmhachnamh a dhéanamh ar chearta cosanta sóisialta go léir, idir scéimeanna céad-cholúin, i.e. córais slándála sóisialta a sholáthraíonn an stát, agus scéimeanna dara-cholúin, mar scéimeanna gairme faoi choinne pinsean forlíontach agus cúraim shláinte.

¹³ *Working poor in the EU*, An Foras Eorpach chun Dáláí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, 2004, <http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0467.htm>

¹⁴ Rialachán comhordaithe 1408/71 um shlándáil shóisialta do spailpíní fánacha.

Is mór an dúshlán a bheidh i gcinnteacht solúbthachta sna blianta atá le teacht agus caithfidh na gníomhaithe go léir, ag gach leibhéal, i ngach Ballstát agus ag leibhéal Eorpach, athmhachnamh go maith fúithi. Mar sin féin, is an-fhéidir go gcuirfidh sí go gníomhach le margadh saothair níos iomaíche agus níos táirgíúla agus leibhéal fhostaíochta níos airde ann, agus é ag cloí le dearbhphrionsabail na samhla sóisialta Eorpaí ag an am céanna.

Eolas breise

Anxo D., Fagan C., Smith M., Letablier M. agus Perrauidin C, *Parental leave in European companies*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, 2006a, ar fáil ag

<http://eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0687.htm>

Anxo D., Boulin J. agus Fagan C., *Working time options over the life course: new work patterns and company strategies*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Lucsamburg, 2006b, ar fáil ag <http://www.eurofound.eu.int/publications/htmlfiles/ef05160.htm>

Anxo D., Fagan C., Smith M., Letablier M. agus Perrauidin C, *Part-time work in European companies – Establishment survey on working time 2004-2005*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Luksamburg, 2007, ar fáil ag <http://eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef06102.htm>

Chung H., Ester P. agus Kerkhofs M., *Flexibility at the firm level, a typology of working time flexibility*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Luksamburg, 2007

Esping-Anderson, G., *The three worlds of welfare capitalism*, Princeton University Press, New Jersey, 1990.

Ferrera M., ‘The southern model of welfare in social Europe’, *Journal of European Social Policy*, 1996, p.17-37.

Goudswaard A. agus de Nanteuil M., *Flexibility and working conditions: a qualitative and comparative study in seven EU Member States*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Luksamburg, 2000, ar fáil ag <http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0007.htm>

Klammer U, Keuzenkamp S., Cebrian I, Fagan C., Klenner C. agus Moreno G., *Working time options over the life course: changing social security structures*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Luksamburg, 2006, ar fáil ag

<http://www.eurofound.eu.int/pubdocs/2005/101/en/1/ef05101en.pdf>

Muffels R., Chung H., Fouarge D., Klammer U. Luijkx R., Manzoni A agus Wilthagen T., *Flexibility and security over the life course: results and policy implications*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, le foilsíú.

Naegele G., *A new organisation of time over working life*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Luksamburg, 2003, ar fáil ag
<http://eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0336.htm>

Parent-Thirion A., Fernandez E., Hurley J. agus Vermeylen G., *Fourth European Working Conditions Survey*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Oifig Foilseachán Oifigiúil, Luksamburg, 2007, ar fáil ag
<http://eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0698.htm>

Peña-Casas R. agus Latta M, *Working poor in the EU*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Office of Official Publications, Lucsamburg, 2004, ar fáil ag
<http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0467.htm>

Riedmann A., Bielenski H., Szczurowska T. agus Wagner A., *Working time and work-life balance in European companies*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Office for Official Publications, Lucsamburg, 2006, ar fáil ag <http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0627.htm>

Vielle P. agus Walthery P., *Flexibility and social protection*, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Office for Official Publications, Lucsamburg, 2003, ar fáil ag
<http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0355.htm>

Wilthagen T., ‘Dutch flexicurity policies: normalisation of atypical work’, páipéar a seachadadh ag Foundation Seminar Series faoi Sholúbthacht agus Socracht agus Infhostaitheacht Employability, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Baile Átha Cliath, Bealtaine 2006, ar fáil ag
http://eurofound.europa.eu/docs/events/fss/060522/Wilthagen_pres.pdf

‘Tá áit ar fheabhas ag na páirtithe sóisialta chun modhanna nua oibrithe a shainaithe. Is ag leibhéal na gnólachta nó an bhrainse a bhfuil a lán de na réitigh a bhaineann le solúbthacht agus socracht a fheabhsú, agus braitheann siad go mór ar chomhoibriú maith idir an dá thaobh den tionscal.’

**Vladimir Špidla, Coimisinéir Eorpach um Fostaíocht,
Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna**

‘Is modh oibre nua í cinnteacht solúbthachta, agus is é is cuspóir léi ná deireadh a chur leis an díospóireacht aimrid idir lucht molta solúbthacht a mhéadú agus lucht cosanta na modhanna traidisiúnta socracha. Aithníonn sí go n-iarrann gnó, agus roinnt oibrithe chomh maith, níos mó solúbthachta sa mhargadh saothair. Ach aithníonn sí festa gur féidir go dtarraingeodh an fhorbairt de mhodhanna “neamhthipiciúla” oibre scoilt sa mhargadh saothair, agus na drochéisfeachtaí ar ioncam, ar ionchais ghairme agus ar inspreagadh na n-oibrithe mar aon léi.’

**Nikolaus van der Pas, Ard-Stiúrthóir Fostaíochta,
Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna,
An Coimisiún Eorpach**

Cuireann Foundation Findings eolas cúlra cuí agus treoracha beartais ar fáil do ghníomhaithe agus do pháirtithe leasmhara go léir atá i mbun na díospóireachta Eorpaí reatha faoi thodhchaí an bheartais shóisialta. Bunaítear na hábhair ar thaghde Eurofound agus léiríonn siad struchtúr uathrialach agus tríthaobhach Eurofound.